
# An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT): impleachtaí do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge

Carmel Nic Eoin, M.A.

# Torthaí Foghlama na Ceardlainne




Ag deireadh na ceardlainne seo, beidh tuiscint agat ar:

- cad is FCÁT ann
- ról, ar thábhacht  agus ar bhuntáistí FCÁT i gcomhthéacs na dea-fhoghlama
- roinnt straitéisí éifeachtacha leis an nGaeilge a chur chun cinn - straitéisí atá bunaithe ar phrionsabail FCÁT
- gné na pleanála

# Cad is Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT) ann?

“a dual-focused educational approach in which an additional language is used for the learning and teaching of both content *and* language”

Coyle, Hood agus Marsh, 2010

“CLIL describes an evolving approach to teaching and learning where subjects are taught and studied through the medium of a non-native language. The experience of learning subjects through the medium of a non-native language is more challenging and intensive as there is more exposure to the language and learners acquire knowledge and skills in different areas of the curriculum … learning a curriculum subject in a second, third or sometimes fourth language … Curriculum subjects apart from languages are taught through the target language.”

Ollscoil Cambridge, Lámhleabhar FCÁT

N.B: is é ‘ábhar’ **an chéad fhocal** sa téarma. Treoraíonn **an t-ábhar** teagasc agus foghlaim **na teanga**.

# Cúlra



- Cumadh an téarma ‘FCÁT’ in 1994 le cur síos a dhéanamh ar an dea-chleachtas a baineadh amach de bharr an teagaisc agus na foghlama a tharla i gcomhthéacs teanga nach í an mháthairtheanga í.

- Ag tógáil ar iarrachtaí éagsúla: an tumoideachas (Fraincís) i gCeanada, cláir thrítheangacha (Spáinnis, Bascais + teanga oidhreachta) i dtír na mBascach, FCÁT i Sasana.

- Polasaí na Comhairle Eorpaí i leith an ilteangachais agus na héagsúlachta teangacha: *New Framework Strategy for Multilingualism* (2005).

  “Máthairtheanga + 2 theanga eile ó aois óg”



# Comhthéacs Éireannach

- “Pupils in ordinary (primary) schools who are taught some aspects of the curriculum, apart from Irish, through Irish, have substantially higher levels of achievement in Irish than other pupils” (Harris et al, 2006)



- **An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-30**:

  “Tá sé i gceist, chomh luath agus is féidir … dul go dtí an staid ina dtairgfear páirt-tumadh sa Ghaeilge do gach leanbh … D’fhéadfaí é sin a sholáthar trí roinnt ábhair phríomhshrutha a theagasc trí Ghaeilge i ranganna na naíonán ... Ar deireadh, is í an aidhm atá ann … go mbeidh oideachas páirt-tumtha i nGaeilge á thairiscint in ábhair eile do gach dalta sna scoileanna príomhshrutha a bhíonn ag gabháil don Ghaeilge mar chroí-ábhar.‘ (Rialtas na hÉireann, 2009)

# Comhthéacs Éireannach

## An Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta

“Beidh na foghlaimeoirí seo ag forbairt a gcumais chun labhairt, léamh agus scríobh i nGaeilge agus i mBéarla, ag forbairt a gcumais chun bogadh go héasca idir an dá theanga agus ag forbairt a gcumais lena bhfoghlaim litearthachta a aistriú ó theanga amháin go dtí an ceann eile”.

lch. 12




“Is fiú freisin iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann chun cumais litearthachta na ndaltaí i nGaeilge a fhorbairt trí úsáid a bhaint as an teanga chun ábhair eile a theagasc (nó gnéithe de na hábhair sin).”

lch. 59

# Ábhar **agus** Teanga


- “CLIL is **not** about ‘translating’ first-language teaching and learning into another language in the hope that learners will be immersed in a *bains linguistique* and seamlessly learn *in* another language … teachers have found that CLIL is about far more than simply teaching subject-matter in an additional language in the same way as the mother tongue … it is not a matter of simply changing the language of instruction”.

  Coyle, Hood agus Marsh, 2010

- Úsáid na teanga ar mhaithe le foghlaim
- Úsáid na teanga mar mheán na foghlama seachas mar sprioc na foghlama
- Úsáid na teanga ar mhaithe le heolas a chruthú (Tacsanomaíocht Bloom)

# Prionsabail na Foghlama

**1.** **Nasc** a chruthú le heolas eile / réamheolas / a dtaithí féin




| A | U | F |
|---|---|---|
| Cad **a**tá ar eolas agam? | Cad atá **u**aim? | Cad atá **f**oghlamtha agam? |
| | | |


2. Deis phléite – na foghlaimeoirí ag **idirghníomhú** agus ag plé mar rang, i mbeirteanna, i ngrúpaí srl.

**3.** **Comhthéacs** téagartha agus oiriúnach ag an bhfoghlaim

**4.** **Feasacht** na scoláirí ar an bhfoghlaim a chur chun cinn

*Literacy in the Secondary School* le Maureen Lewis agus David Wray

# Triantán FCÁT



# Feidhmeanna Teanga: Siollabas an Teastais Shóisearaigh

1. Daoine a chur in aithne
2. Bualadh le daoine
3. Scaradh
4. Coinne a dhéanamh
5. Duine/rud a aithint
6. Ag iarraidh go n-aithneofaí duine nó rud
7. Cur síos a dhéanamh
8. A fháil amach an cuimhin leat rud/duine éigin
9. A rá go bhfuil/nach bhfuil rud éigin ar eolas agat
10. A rá go gcaithfidh/nach gcaithfidh tú rud a dhéanamh
11. Dearcadh duine a lorg
12. Dearcadh a chur in iúl
13. A rá go n-aontaíonn/nach n-aontaíonn tú le rud
14. Tuairim a thabhairt/a lorg
15. Rogha a chur in iúl/iarraidh ar dhuine rogha a dhéanamh
16. A rá go bhfuil/nach bhfuil rud ag teastáil
17. Comhairle a lorg/a thabhairt
18. A chur in iúl go bhfuil/nach bhfuil tú sásta le rud
19. Buairt a chur in iúl
20. Mothúcháin eile a chur in iúl
21. Rud a iarraidh/a thairiscint/a dhiúltú
22. Fáil amach/a rá go bhfuil tú in ann/nach bhfuil tú in ann rud a dhéanamh
23. Cead a lorg
24. Leithscéal a ghabháil/a ghlacadh
25. Cabhair a lorg/a thabhairt
26. Orduithe a thabhairt
27. A rá go bhfuil súil agat…..
28. Iarraidh ar dhuine rud a shoiléiriú
29. Míniú a lorg/a thabhairt

# Cummins

- Tógann sé **2 bhliain** leis na scileanna cumarsáide idirphearsanta bunúsacha a shealbhú (BICS)



- Tógann sé suas le **5-7 bliain** le hinniúlacht teanga acadúil chognaíoch a shealbhú (CALP)



caibidil 19

Feidhmeanna

*Focail thábhachtacha*

**ionchur** **aschur** **inneall feidhme** **léaráidí mapála** **fearann** **raon** **feidhm** **comhfhearann** **cúplaí** **ordphéirí** **paraboil** **comhéifeacht** **feidhmeanna cearnacha**

**Mír 19.1 Feidhmeanna**

Faightear gach téarma sa seicheamh uimhreacha thíos ach 4 a chur leis an téarma a tháinig roimhe:


3 7 11 15 19
+4 +4 +4 +4 … Is í 'Cuir 4 leis' an riail a bhaineann leis an gcéad téarma eile a fháil.

Anois, féach ar an seicheamh seo:

2 6 18 54
×3 ×3 ×3 … Is é 'Iolraigh faoi 3' an riail anseo.

Is é 54 × 3, i.e. 162, an chéad uimhir eile sa seicheamh.
Má chuirimid an oibríocht 'X 3' i bhfeidhm ar 54, gheobhaimid 162.
Tugtar an téarma **ionchur** ar 54 agus **aschur** ar 162.

# Sealbhú Teanga: An Próiseas Foghlama



# Roinnt Straitéisí a thacaíonn le FCÁT




I gcláir FCÁT, tá **dhá** dhúshlán ann: ní mór dúinn a bheith feasach ar:

1. Na straitéisí foghlama a chothóidh **an t-ábhar léinn**
2. Na straitéisí ar leith atá oiriúnach d’fhoghlaim **theanga an ábhair**

# 1. Roinn **na Torthaí Foghlama** leis na scoláirí

"Learning Outcomes are an explicit description of what a learner should **know**, **understand** and **be able to do** as a result of learning".

(Learning and Teaching Institute, Sheffield Hallam University)

"Lessons are guided by syllabus-linked learning outcomes that are shared with the students" (Na Treoirlínte don Fhéin-Mheastóireacht Scoile)

**Sampla**:

Ag deireadh an cheachta seo, beidh na daltaí/scoláirí in ann …

- biachlár bricfeasta a phleanáil do bheirt
- Cothromóid chearnach a fhachtóiriú
- Cur síos a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag crith talún ar an timpeallacht
- Tuairim a chur in iúl faoin saghas bia is fearr leo

# 2. Roinn **na Critéir Ratha** leis na scoláirí

**“Success Criteria suggest ways to achieve a learning outcome and indicate achievement”.**

“Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil sé foghlamtha agam?”

“Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil an toradh foghlama bainte amach agam?”



# Critéir Ratha: Sampla

**Learning Outcome:**
Create a written character portrait

**What will you need to do to achieve this?** (Success Criteria)

Include some or all of the following

- Appearance
- Hobbies and interests
- Personality traits
- Attitude to self/others
- Occupation
- How others respond to the character.....

# Torthaí Foghlama, Critéir ratha agus Comhthéacs na Foghlama

## Rang Béarla

| Toradh Foghlama | Comhthéacs na Foghlama | Critéir Ratha |
|---|---|---|
| Meafair a aithint | An dán: *Lake Isle of Innisfree* | 1. Beidh na scoláirí in ann **sainmhíniú** a thabhairt ó bhéal agus i scríbhinn ar an téarma 'meafar'<br>2. Beidh gach scoláire in ann meafair a aithint i ndán nó i bpíosa litríochta **eile** |

# Torthaí Foghlama, Critéir ratha agus Comhthéacs na Foghlama

## Rang Bitheolaíochta

| Toradh Foghlama | Comhthéacs na Foghlama | Critéir Ratha |
|---|---|---|
| Codanna an chroí a aithint agus a ainmniú | Dioscadh taispeánta ag an múinteoir do na scoláirí sa saotharlann | 1. Beidh na scoláirí in ann **léaráid** den chroí a tharraingt ina gcóipleabhar agus, **ar a laghad, sé phríomhchuid a lipéadú**<br>2. Beidh na scoláirí in ann na sé phríomhchuid seo a **litriú** agus a **fhuaimniú** go cruinn<br>3. Beidh siad in ann míniú gearr a thabhairt ar **fheidhm** gach coda |

# Torthaí Foghlama, Critéir ratha agus Comhthéacs na Foghlama

## Rang Gaeilge

| Toradh Foghlama | Comhthéacs na Foghlama | Critéir Ratha |
|---|---|---|
| - Litir a scríobh<br>- Roinnt Feidhmeanna Teanga a úsáid (e.g. cur in aithne, tuairim a thabhairt, cur isteach ar phost) | Scríofar litir chuig Bressie ag lorg áite ar an gclár *The Voice.* | Caithfear:<br>- 3 alt<br>- seoladh agus dáta<br>- 2 aimsir éagsúla<br>- tú féin a chur in aithne<br>- cur isteach ar áit ar an gclár<br>- 3 fáth ar chóir tú a roghnú a bheith sa litir |

# 3. Réamh-mhúineadh Eochair-fhoclóra



# Roghnú Eochairfhocal

1. Focal aitheanta ar choincheap nua: Fórsa

2. Focal nua ar choincheap aitheanta: botún, earráid, meancóg


3. Focal nua ar choincheap nua: méaróg / tvuít

# Eochairfhocail a Mhúineadh

- Modh traidisiúnta
- Foclóir ábhair (An Gúm, www.acmhainn.ie)
- Leabhar nótaí pearsanta
- Foclóirín ábhair/aonaid
- Spreagchártaí foclóra agus sainmhínithe
- Ballaí Foclóra (cairteacha, póstaeir srl.)
- Téacs a mharcáil
- Gníomhaíochtaí ranga dírithe ar fhoclóir
- PowerPoint
- Post its
- Foinsí eolais  (foclóirí traidisiúnta & ar líne)


# 4. Tascanna réamh-, le linn agus iar-léitheoireachta: pleanáil don **tuiscint**

**Iarléitheoireachta**




**Réamhléitheoireachta**

# Bunscileanna léitheoireachta



1. Léitheoireacht focal
2. Fuaimniú focal
3. Litriú focal (FACSS)
4. Eolas séimeantach
5. Nascanna a chruthú
6. Gramadach
7. Réimse, béarlagair, canúint, nósmhaireacht

# Múineadh foclóra

“Vocabulary is the glue that holds stories, ideas and content together.......making comprehension accessible for children.”

(Rupley, Logan & Nichols, 1998/99)

# Múineadh Foclóra/Staidéar focal






1. Aithnímid **an focal féin**:  Amharcaithint agus/nó Cluastuiscint
   Muna n-eiríonn leis sin, brisimid an focal ina gcodanna

2. **An comhthéacs** a úsáid

3. Úsáid foclóirí / acmhainní eile/cuir ceist ar an múinteoir

# An Chitheog

Rug mé greim ar an gcitheog.



Dhoirt mé fíon ón gcitheog isteach sa ghloine.

Ba thubaiste é nuair a thit an chitheog agus briseadh ina smidiríní í.



# Foclóirí





# An litriú - FACSS

- **F**éach go grinn ar an bhfocal
- **A**bair amach an litriú
- **C**lúdaigh an focal
- **S**críobh an focal
- **S**eiceáil an focal

Llyfrgell

# Líonra Séimeántach




Raidhse

Go leor leor

Fuíollach

Fásann raidhse oráistí i Sevilla

# Líonra séimeántach



# Ardscileanna léitheoireachta




- Scimeáil
- Scanadh


# 7. Scafláil don teanga (a)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Meaitseáil | Ceisteanna Ilroghnacha | Líon bearnaí | Triail *cloze* |
| Fíor/bréagach | Rangú | Críochnú focail/abairte/ píosa téacs | Focail/abairtí/ píosaí téacs a chur in ord |
| Ag lipéadú | Cur i láthair postaeir | Aithint gné | Aistriú eolais |

Sa rang FCÁT, ní mór gníomhaíochtaí a úsáid:

1. le cumarsáid **ó bhéal** a dhéanamh faoin ábhar
2. Le straitéisí **éisteachta** agus **léitheoireachta** a fhorbairt
3. Le haschur **scríofa** a fhorbairt


# Lipéadú


Brachiocephalic trunk
Superior vena cava
Right pulmonary artery
Ascending aorta
Pulmonary trunk
Right pulmonary veins
Right atrium
Right coronary artery
Anterior cardiac vein
Right ventricle
Marginal artery
Small cardiac vein
Inferior vena cava
Left common carotid artery
Left subclavian artery
Aortic arch
Ligamentum arteriosum
Left pulmonary artery
Left pulmonary veins
Auricle of left atrium
Circumflex artery
Left coronary artery
Left ventricle
Great cardiac vein
Anterior interventricular artery
Apex

# 7. Scafláil don teanga (b)

- **Úsáid cheisteanna**

1. **Ceisteanna dúnta/ceisteanna ísealoird**
   **Aidhm**: ag leagan béime ar eochairfhoclóir an ábhair
   **Sampla**: "cad is biashlabhra ann?"



2. **Ceisteanna oscailte/ardoird**
   **Aidhm**: le scileanna smaointeoireacha ardoird a fhorbairt agus cumas réiteach fadhbanna a chothú
   **Sampla**: "cad a tharlódh don bhiashlabhra dá bhfaigheadh planda bás?"

- **Ról an mhúinteora**

- téarmaí a mhúineadh chomh simplí agus chomh soiléir agus is féidir
- bain úsáid as foclóir ardmhinicíochta - athrá agus treisiú foclóra

# Tacsanomaíocht Bloom

6. Meastóireacht


5. Sintéis

4. Anailís

3. Cur i bhfeidhm

2. Tuiscint - mínigh

1. Eolas – tabhairt chun cuimhne



# Scafláil don teanga (c): Na seánraí sna hábhair éagsúla

- Sa rang Eolaíochta, bíonn na foghlaimeoirí ag déanamh cur síos ar thurgnamh, ag déanamh hipitéise, ag coimeád cuntais ar …..




- Sa rang Staire, bítear ag léamh tuairisce faoi …, ag plé rudaí a tharla, ag míniú cad a tharla …




- Sa rang Eacnamaíocht Bhaile, bítear ag insint conas rud a dhéanamh …



**Turgnamh: An céatadán ocsaigine san aer a fhiosrú**

**Fearas:** Umar uisce, gáschrúsca, coinneal oíche, sorcóir tomhais.

**Modh:**



1. Leathlíon an t-umar le huisce.
2. Líon an gáschrúsca le huisce agus tomhais a thoirt ina $cm^3$ tríd an uisce atá ann a dhoirteadh isteach i sorcóir tomhais (A).
3. Las coinnneal oíche agus lig di snámh ar dhromchla an uisce san umar.
4. Cuir gáschrúsca folamh bunoscionn ar an gcoinneal lasta agus a bhéal faoi dhromcla an uisce san umar. Ná lig don gháschrúsca teagmháil le bun an umair.
5. Coimeád an gáschrúsca ina áit go dtí go múchtar an choinneal. Feictear go n-éiríonn leibhéal an uisce sa gháschrúsca.
6. Marcáil leibhéal an uisce sa gháschrúsca anois.
7. Bain amach an gáschrúsca agus líon é go dtí an leibhéal a mharcáil tú.
8. Tomhais an toirt seo ina $cm^3$ leis an sorcóir tomhais (B).
9. Trí B a dhealú ó A faightear toirt an gháis a ídíodh ón aer sa gháschrúsca le linn an dóite. Is ocsaigin atá sa ghás seo.

**Toradh:** Oibrigh amach toirt na hocsaigine san aer mar seo a leanas:

$$\%\ \text{ocsaigine} = \frac{\text{toirt na hocsaigine (A-B)} \times 100}{\text{toirt an aeir (A)}}$$

**Conclúid:** Tá toirt na hocsaigine in aer thart ar 20%.


# Na 6 Sheánra Scríbhneoireachta: Saintréithe

| Seánra | Aidhm | Lucht Léite | Tréithe Teanga | Struchtúr |
|---|---|---|---|---|
| Insint  | A insint don léitheoir cad a tharla ar bhealach atá siamsúil agus faisnéiseach | Iad siúd a bhfuil suim acu sa rud a tharla | ▪ A. Chaite<br>▪ 1ú nó 3ú pearsa<br>▪ Focail a chuireann 'cé', 'cad', 'conas', 'cathain' 'cén fáth' in iúl<br>▪ 'agus', 'ach', srl. ag nascadh clásal | ▪ Ord croineolaíoch ar na hailt<br>▪ Suíomh a chruthú ag an t ús<br>▪ Ráiteas scoir |
| Tuairisc  | Eolas a léiriú faoi rud éigin | Iad siúd a bhfuil eolas uathu faoi rud ar leith | ▪ A. Láithreach<br>▪ Gníomhbhriathra<br>▪ Éagsúlacht aidiachtaí<br>▪ Friotal teicniúil | ▪ Ailt (gan iad a bheith in ord croineolaíoch)<br>▪ Uaireanta le teidil/fotheidil |
| Míniú  | A mhíniú conas a tharlaíonn rud éigin | Iad siúd atá ag iarraidh próiseas/feiniméan a thuiscint | ▪ Friotal teicniúil<br>▪ A. Láithreach<br>▪ Foirmeálta&neamhphearsanta<br>▪ ginearálaíonn sé, tugtar sonraí nuair a theastaíonn | ▪ sraith céimeanna loighciúla, ag míniú conas agus cén fáth a tharlaíonn rud |
| Treoir  | A insint do dhuine conas rud a dhéanamh | Duine atá ag iarraidh a fháil amach conas rud a dhéanamh | ▪ Modh Ordaitheach<br>▪ Friotal foirmeálta atá simplí agus soiléir<br>▪ Uimhreacha | ▪ Go minic i bhfoirm liosta<br>▪ Léaráidí, físeach<br>▪ Ord croineolaíoch |
| Áititheach  | Taobh amháin de scéal a chur in iúl d'fhonn dul i gcion ar dhuiine | Duine a bhfuil tú ag iarraidh dul i gcion air/uirthi | ▪ focail a chuireann le hargóint, e.g. thar aon rud eile, go háirithe<br>▪ friotal corraitheach<br>▪ teanga phearsanta | ▪ Cuir an phríomhargóint in iúl, ag tabhairt fianaise/samplaí<br>▪ Go minic, sraith pointí ar son na hargóna<br>▪ Ord loighciúil |
| Plé  | Ceist a phlé ón dá thaobh/pheirspictíocht | Duine a bhfuil suim aige/aicii sa cheist | ▪ A. Láithreach<br>▪ Foirmeálta agus neamhphearsanta<br>▪ Briathra smaointeoireachta, e.g. ceapaim, is dóigh liom ... | ▪ Ord loighciúil<br>▪ Ailt<br>▪ Ráiteas leis an gceist a chur in iúl, argóintí ar son agus i gcoinne, conclúid |

# Conas Acmhainní a chur in Oiriúint

Ní mór acmhainní a roghnú agus a chur in oiriúint go cúramach le gur féidir le foghlaimeoirí an t-ábhar a thuiscint – ag leibhéal téacs, abairte agus focail.


- Ag leibhéal **téacs**: cuir léaráidí ann, leagan amach an-soiléir, bain úsáid as EFFanna …




- bain amach sonraí nach dteastaíonn, scríobh ar bhealach eile é, cuir ord eile air.

- Ag leibhéal **abairte**: cuir isteach sainmhínithe, mínithe gearra, ….

- Ag leibhéal **focail**: cuir líne faoi/cló trom ar eochairfhoclóir, gluais téarmaíochta, bunachar focal, lipéid, …



# 8. Scafláil don ábhar (ról an fhoghlaimeora)

- **Roimh an tasc**


  - ag aithint aidhm an taisc, cad atá le déanamh
  - critéir ratha
  - cúrsaí ama




- **Le linn an taisc**
  - ag aithint eochairfhoclóra
  - straitéisí léitheoireachta: ag tuar, ag soiléiriú, ag nascadh, ...
  - ag athinsint
  - ag déanamh nótaí
  - ag baint úsáide as roinnt L1 i gcásanna ar leith

- **I ndiaidh an taisc**
  - ag déanamh achoimre
  - ag teacht ar bhealach le cuimhneamh ar fhoclóir/choincheapa nua
  - ag cruthú leideanna físeacha le cuidiú leis an gcuimhne
  - piar-mheasúnú

# FCÁT: Pleanáil Ábhair




1. **Ag leibhéal na scoile**



2. **Aonad oibre**

3. **Plean ceachta**

# Pleanáil Ábhair don Ghaeilge

<table>
<tr><td>Topaic</td><td>Feidhmeanna Teanga</td><td>Eiseamláirí/ Nóisin</td><td>Gramadach</td><td>Straitéisí teagaisc, foghlama agus measúnaithe</td><td>Acmhainní</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td colspan="6">Litríocht</td></tr>
<tr><td colspan="6">Stór Focal</td></tr>
</table>

| Topaic | FEIDHM: Úsáid; Toradh Foghlama | NÓISIN/Eiseamláirí: Struchtúir theanga don chumarsáid | Straitéisí: An próiseas foghlama |
|---|---|---|---|

CAD a mhúinfidh mé?

CONAS a mhúinfidh mé é?

Spórt

Tuairim a lorg

An/is maith leat....?

An bhfuil? Tá/níl!

An fearr leat x nó y ?

An gceapann tú go? ...

Cad is dóigh leat de..?

An dtaitníonn sé leat?

Díospóireacht ranga

Deachtú

Ról-imirt

Éisteacht le podcraoladh

Léamhthuiscint

Ábhar/An rud a bhfuiltear ag caint faoi:
TOPAIC

Na húsáidí teanga a theastaíonn chun labhairt/scríobh faoin topaic:

FEIDHMEANNA

Na struchtúir theanga a bheidh ag teastáil chun cumarsáid a dhéanamh:
NÓISIN/EISEAMLÁIRÍ

Na rudaí a dhéantar chun na Nóisin a mhúineadh/Tascanna:

STRAITÉISÍ

# Pleanáil Ábhair don Ghaeilge: An Cur Chuige Téamach

| Topaic | Feidhm | Samplaí | Gramadach | Modheolaíochtaí/ modhanna measúnaithe |
|---|---|---|---|---|
| An teach | Cur síos a dhéanamh | **Déanann** Daidí obair an tí.<br>**Is** bungaló beag é mo theach.<br>Tá **trí sheomra** codlata ann.<br>Tá **fuinneoga móra** chun tosaigh.<br>Tá an chistin **taobh le** seomra an bhia.<br>Tá mo theach suite **in aice na** farraige. | Briathra – aimsir láithreach<br><br>An chopail<br><br>Na bunuimhreacha<br><br>Ainmfhocail agus aidiachtaí san uimhir iolra<br><br>Réamhfhocail shimplí<br><br>Réamhfhocail chomhshuite + an tuiseal ginideach | Taispeántas PowerPoint<br>Meaitseáil<br>Deachtú<br>Mím<br>Giota físeáin gan fhuaim<br>*Photostory*<br>20 ceist<br>Clár na ndíslí<br>Tic teaic<br>Druileanna cainte<br>Íomhánna<br>Obair bheirte |

# Pleanáil Ábhair FCÁT: Aonad Oibre

Na 4 'C'anna (*Content, Communication, Cognition, Culture*)

**1. Ábhar**

Níos mó i gceist ná eolas agus scileanna a fhoghlaim: **cruthú** eolais agus tuisceana, **ag forbairt** a gcuid scileanna féin: **foghlaim phearsantaithe**
⇒ ní mór anailís a dhéanamh ar an ábhar leis na **héilimh theanga** a aithint.


**2. Cumarsáid**

Ceann d'aidhmeanna FCÁT ná am cainte an mhúinteora a laghdú agus am cainte an fhoghlaimeora a mhéadú ⇒ obair bheirte/obair ghrúpa

**3. Cognaíocht**

Ní mór anailís a dhéanamh ar na scileanna smaointeoireachta a bheidh ag teastáil leis na **héilimh theanga** a aithint.



**4. Cultúr**


Feasacht cultúir ina cuid lárnach de FCÁT.

# Pleanáil Ábhair

Stair - Ainilís ar na briathra

| Gníomhbhriathra | Briathra a insíonn agus a léiríonn meon agus mothúcháin | Briathra a chabhraíonn linn cur síos ginearálta a dhéanamh |
|---|---|---|
| Maraíodh | D'fhulaing | Bhí |
| Ionsaíodh | Thaitin | Tharla |
| Sádh | Cheap | Chuaigh |
| Dúnmharaíodh | Dúirt | Rinne |
| Rugadh | Mhínigh / Miníodh | Chonaic /Chonacthas |
| Scaipeadh | Léirigh / Léiríodh | Tugadh faoi deara |
| Scriosadh | D'inis / Insíodh | Tapaíodh an deis |
| Sábháladh | Cuireadh in iúl | Tugadh |
| Cosnaíodh | Rinneadh díospóireacht | Bronnadh |
| Bogadh | Pléadh | Cuireadh |
| Tógadh | Aontaíodh | Bhain sé le |
| Glacadh | Easaontaíodh | Ceapadh é mar… |
| Spreagadh | Mhothaígh/Mothaíodh | Scríobh |
| Gríosadh | Bhraith | D'ullmhaigh |
| Vótáladh | Ghoill | Chruthaigh |

# Pleanáil Ábhair FCÁT: Aonad Oibre



# Pleanáil Ábhair FCÁT: Aonad Oibre

**<u>Cuspóirí</u>** <u>(an mhúinteora)</u>

| **1. <u>Ábhar</u>** | **2. <u>Cognaíocht</u>** |
|---|---|
| ▪<br>▪<br>▪<br>▪ | ▪<br>▪<br>▪<br>▪ |

**3. <u>Cumarsáid</u>**

| Teanga don Fhoghlaim | Teanga na Foghlama | Teanga de thoradh na Foghlama |
|---|---|---|
| | | |

**<u>Torthaí Foghlama</u>** <u>(ábhar, teanga, scileanna foghlama):</u>

Ag deireadh an aonaid, beidh na foghlaimeoirí in ann …(a dhéanamh, a thuiscint, eolas a bheith acu ar …

1.
2.
3.

# 3. Pleanáil Ábhair FCÁT: Plean Ceachta

| **Topaic:** | **Fad Ama:** |
| --- | --- |
| **Torthaí Foghlama** (ábhar, teanga agus scileanna foghlama)**:**<br>1.<br>2.<br>3. | **Acmhainní:** |

**Tús :** (Réamheolas? Spreagadh suime? Réamh-mhúineadh foclóra? Cur i láthair na topaice nua?.......)

**Forbairt:** (Obair na scoláirí? Ról an mhúinteora? Cén saghas tascanna? ......)

**Críoch**: (Athbhreithniú? Súil siar? Measúnú? Soiléiriú? Treisiú? Obair bhaile? ….)

**Measúnú:**

# Pleanáil **Teanga** – Rannóg Ábhar

- Riachtanais foclóra?
- Riachtanais ghramadaí?
- Scileanna éisteachta & labhartha?
- Scileanna léitheoireachta?
- Scileanna scríbhneoireachta (N.B. seánraí)?
- Acmhainní/téacsleabhair a chur in oiriúint?
- Riachtanais eile?

# Pleanáil Ábhair don Ghaeilge

| **Topaic** | **Feidhmeanna Teanga** | **Eiseamláirí/ Nóisin** | **Gramadach** | **Straitéisí** teagaisc, foghlama agus measúnaithe | **Acmhainní** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **Litríocht** | | | | | |
| **Stór Focal** | | | | | |

# GRMMA as éist8!




carmelgniceoin@gmail.com

087-2265422